Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5495/24**

**LIMITE**

**DEVGEN 9**
**SAN 33**
**ACP 6**
**RELEX 50**
**SUSTDEV 7**
**ONU 7**
**CONUN 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte níos fearr do chách i ndomhan atá ag athrú<br>- Dréachtchonclúidí ón gComhairle |

1. An 30 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht maidir le 'Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh: Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan Atá ag Athrú' a ceapadh chun feabhas a chur ar an tsalándáil sláinte dhomhanda agus chun sláinte níos fearr a áirithiú do chách[1]. Cuireadh faoi bhráid na Comhairle é an 9 Nollaig 2022.

2. Beidh an straitéis ina treoir do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte domhanda go dtí 2030; leagtar amach ann tosaíochtaí beartais shoiléir, treoirphrionsabail agus línte gníomhaíochta oibríochtúla. Ina theannta sin, cruthaítear creat nua faireacháin sa straitéis chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus tionchar bheartais agus chistiú an Aontais.

3. Phléigh an Mheitheal um Chomhar um Fhorbairt agus Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (CODEV-PI) agus an Mheitheal um an tSláinte Phoiblí an straitéis i gcomhpháirt.

4. An 19 Eanáir 2024, thángthas ar chomhaontú ar leibhéal na meithle maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a ullmhaíodh faoi Uachtaránacht na Sualainne.

5. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs a dhearbhú agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena fhormheas.

[1] 15585/2022

PUBLIC

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú**

1. Is díol sásaimh do Chomhairle an Aontais Eorpaigh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú[1]. Athdhearbhaíonn an Chomhairle ról ceannasach an Aontais gona Bhallstáit maidir leis an tsláinte dhomhanda a chur chun cinn i gcomhar le comhpháirtithe, bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, ar an gcine daonna, ar an gcothromas, ar an gcomhionannas inscne agus ar an urraim do chearta an duine.

2. Aithníonn an Chomhairle gur ceart daonna an ceart chun an caighdeán is airde sláinte coirp agus meabhairshláinte is féidir a bhaint amach. Cuireann sí béim ar an bhfíoras gur réamhriachtanas don fhorbairt inbhuanaithe í an tsláinte, agus go bhfuil impleachtaí tábhachtacha aici do shábháilteacht, cobhsaíocht agus rathúnas na sochaithe uile, lena n-áirítear laistigh den Aontas. Aithníonn an Chomhairle, chun críche dea-shláinte do chách, go bhfuil sé ríthábhachtach comhionannas inscne a bhaint amach, steiréitíopaí díobhálacha inscne a chomhrac agus dul i ngleic le stiogma agus le hidirdhealú. Éilíonn an tsláinte dhomhanda iltaobhachas éifeachtach agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha il-gheallsealbhóra. Is colún bunriachtanach de bheartas seachtrach an Aontais iad, a bhfuil ról lárnach acu chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a neartú. Cuireann an Chomhairle béim ar an bhfíoras nach mór ról ceannasach a bheith ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun a áirithiú go bhfanfaidh an tsláinte dhomhanda ar bharr an chláir oibre idirnáisiúnta.

[1] 15585/22 - COM(2022)675: Teachtaireacht ón gCoimisiún: Straitéis Sláinte Domhanda an Aontais Eorpaigh – Sláinte Níos Fearr do Chách i nDomhan atá ag Athrú

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir, i bhfianaise na gceachtanna ó phaindéim COVID-19 agus ó éigeandálaí sláinte eile, treochtaí sláinte domhanda, ghéarchéim thriarach phláinéadach an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus truailliú agus timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, go bhfuil gá le cur chuige athnuaite maidir leis an tsláinte dhomhanda chun an tsláinte a chur chun cinn agus a chosaint trí bhagairtí sláinte a chosc agus a chomhrac agus ullmhúchán a dhéanamh ina leith agus slándáil sláinte a áirithiú, na córais sláinte a neartú agus Cumhdach Sláinte Uilíoch a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint na sláinte, agus sláinte mhaith agus dea-bhail a chur chun cinn, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

PUBLIC

4. Meabhraíonn an Chomhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún in 2010[2] agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais sa tSláinte Dhomhanda[3], agus cuireann sí i bhfios go láidir rannchuidiú suntasach an Aontais chun beatha daoine a shábháil agus an tsláinte a chur chun cinn, trí cheannaireacht pholaitiúil, ranníocaíochtaí airgeadais agus saineolas teicniúil. Is colún den Tairseach Dhomhanda í an tsláinte dhomhanda[4] agus is téama lárnach í ar fud chomhpháirtíochtaí domhanda, réigiúnacha agus déthaobhacha an Aontais, lena n-áirítear tríd an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta[5] agus trí roinnt Tionscnamh de chuid Fhoireann na hEorpa. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do chomhtháthú beartais agus do chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine agus aithníonn sí freisin go n-áirítear leis an méid a chuireann an tAontas leis an tsláinte dhomhanda, ní hamháin earnáil na sláinte ach réimsí cosúil le síochán agus slándáil, talmhaíocht, aeráid agus comhshaol, oideachas, taighde agus nuálaíocht, cothú agus slándáil bia, cosaint shóisialta, trádáil agus uisce, sláintíocht agus sláinteachas (WASH).

[2] 8281/10 - COM(2010)128: Teachtaireacht ón gCoimisiún: Ról an Aontais Eorpaigh sa tSláinte Dhomhanda
[3] 9644/10 - Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais sa tSláinte Dhomhanda
[4] 14675/21 - JOIN(2021)30: Teachtaireacht chomhpháirteach: An Tairseach Dhomhanda
[5] 8979/21 - COM(2021)252: Teachtaireacht maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith an Taighde agus na Nuálaíochta

5. Meabhraítear don Chomhairle gur iarradh sna conclúidí ón gComhairle le déanaí go neartófaí an t-iltaobhachas[6], leagadh béim ar an tsláinte dhomhanda i gcomhthéacs Aontas Sláinte na hEorpa a neartú[7], cuireadh i bhfáth an ról ceannasach, comhordúcháin agus normatach atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) sa tsláinte dhomhanda[8], cuireadh chun suntais a thábhachtaí atá sé cur chuige Aon Sláinte Amháin a ghlacadh[8], ina dtugtar aghaidh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha[9] agus ina n-áirítear rochtain ar WASH[10], cuireadh i bhfios go láidir an t-idirnasc idir an tsláinte, an dea-bhail agus an fás eacnamaíoch[11], ina bhfuil rún daingean gach leanbh a chosaint[12] agus cuimsiú agus rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn[13], cuireadh in iúl uaillmhian an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050[14] agus iarradh go ndéanfaí an bhréagaisnéis a chomhrac[15]. Meabhraítear don Chomhairle freisin an prionsabal nach bhfágfar aon duine ar lár, an comhionannas agus an Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt[16] lena gcuirtear béim ar an tsláinte dhomhanda mar chuid d'fhreagairt an Aontais ar Chlár Oibre 2030, agus go bhfuil an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. An athuair, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.

PUBLIC

[6] 10341/19 - Conclúidí ón gComhairle maidir le gníomhaíocht an Aontais chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe a neartú

[7] 14886/21 - Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Sláinte Eorpach a neartú

[8] 12957/20 - Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais Eorpaigh ó thaobh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a neartú

[9] 9112/20 - Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tuarascáil Uimh. 21/2019

[10] 13440/21 - Conclúidí ón gComhairle maidir leis an uisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais

[11] 13432/19 - Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile

[12] 10024/22 - Conclúidí ón gComhairle i ndáil le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh

[13] 8629/20 - Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga sa ghníomhaíocht sheachtrach

[14] 5263/21 - Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide agus Fuinnimh: Dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip

[15] 14064/20 - Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athléimneacht a neartú agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis i gcomhthéacs phaindéim COVID-19

[16] 10108/17 - An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt (2017): 'Ár Saol, Ár nDínit, Ár dTodhchaí'

Ba cheart na hiarrachtaí a bheith á dtreorú ag Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024,[17] ag na conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Aos Óg i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais[18] agus ag an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas[19]. Tugann an Chomhairle dá haire gur ghlac an Coimisiún Eorpach straitéisí comhionannais inscne[20] agus LGBTIQ[21], chomh maith leis an tríú Plean Gníomhaíochta Inscne (GAP) dar teideal *An ambitious Agenda for Gender Equality and Women's Empowerment in EU External Action 2021-2025* [Clár oibre uaillmhianach maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais 2021-2025], ar dhíol sásaimh an méid sin sna Conclúidí ón Uachtaránacht.

PUBLIC

6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit, laistigh dá sainorduithe agus dá n-inniúlachtaí faoi seach, an deis a thapú chun an tionchar atá acu ina ngníomhaí domhanda agus réigiúnach a neartú chun rannchuidiú go nithiúil agus go tomhaiste le domhan níos sláintiúla agus níos sábháilte a bhaint amach, lena n-áirítear i suíomhanna leochaileacha, atá buailte ag géarchéimeanna agus ag coinbhleachtaí. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle go mbeadh uaillmhian mhéadaithe ann, ina mbeidh cur chuige cuimsitheach á ghlacadh, ina ndíreofar ar bheatha daoine a shábháil agus ar theacht chun cinn agus leathadh galar a laghdú ina gcuirtear chun cinn an tsláinte agus an dea-bhail freisin, lena n-áirítear an mheabhairshláinte, agus an t-idirdhealú agus an stiogma a chomhrac, go háirithe i gcás na mban agus na gcailíní, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine LGBTI, pobail dhúchasacha agus daoine agus pobail atá leochaileach agus imeallaithe, chomh maith le pobail imirceacha agus easáitithe. Tá an Chomhairle tiomanta chun cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe a chomhrac agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a áirithiú agus chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí. Ba cheart na trí thosaíocht chomhlántacha den straitéis a bheith ina dtreoir do na hiarrachtaí sin:

(a) **Sláinte agus dea-bhail níos fearr a áirithiú do dhaoine ar feadh an tsaoil** – chun cur ar chumas daoine galar a sheachaint agus fanacht sláintiúil – lena n-áirítear gníomhaíocht a bhaineann le deitéarmanaint sláinte ar fud earnálacha agus sochaithe, ón aeráid agus an comhshaol go dtí an t-oideachas agus WASH, aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht, ar an neamhionannas agus ar an neamhionannas inscne, géarchéimeanna daonnúla a chosc agus freagairt orthu, feabhas a chur ar an rochtain ar aistí bia sábháilte, leordhóthanacha, cothaitheacha agus sláintiúla agus aghaidh a thabhairt ar úsáid tobac agus ar ólachán díobhálach alcóil atá ina dtosca riosca maidir le galar agus mortlaíocht;

---

[17] 7029/20 - JOIN(2020)5: Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024

[18] 15322/22 - Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais

[19] 6268/21 - COM(2021)101: Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030

[20] 6678/20 - COM(2020)152: Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025

[21] 13081/20 - COM(2020)698: Aontas an Chomhionannais: An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025

(b) **Córais sláinte a neartú agus cumhdach sláinte uilíoch a chur chun cinn** – feabhas a chur ar rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte atá ar ardcháilíocht, inrochtana, inghlactha agus ar fáil lena n-áirítear seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe – ag díriú ar chúram sláinte príomhúil, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail, feidhmeanna sláinte poiblí bunriachtanacha, taighde agus digiteáil, lucht saothair sláinte oilte agus leordhóthanach, rochtain chothrom ar tháirgí sláinte inacmhainne ar ardcháilíocht lena n-áirítear trí mhonaraíocht áitiúil agus maoiniú sláinte leormhaith inbhuanaithe lena n-áirítear trí mhaoiniú cúraim baile a chur chun cinn, trí thrédhearcacht, cuntasacht agus sláine a threisiú agus éilliú a chomhrac;

(c) **Bagairtí sláinte, lena n-áirítear paindéimí, a chosc agus a chomhrac, cur chuige Aon Sláinte Amháin a chur i bhfeidhm** – chun géarchéimeanna sláinte a bheidh ann amach anseo agus a n-iarmhairtí sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha a sheachaint agus a mhaolú – *inter alia* trí athléimneacht níos fearr agus sásraí coisctheacha, ullmhachta agus freagartha níos éifeachtacha lena n-áirítear faireachas agus faireachán comhtháite comhoibríoch, lucht saothair sláinte poiblí neartaithe agus rochtain fheabhsaithe ar fhrithbhearta leighis agus ar aistriú deonach teicneolaíochta, trí bhearnaí sa rialachas domhanda a líonadh, trí chomhaontú paindéime atá ceangailteach ó thaobh dlí de[22] agus trí Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta neartaithe, dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus ceannaireacht a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda.

[22] Cinneadh (AE) 2022/451 ón gComhairle, Cinneadh SSA2(5) ón gComhthionól Domhanda Sláinte



PUBLIC

7. Tugann an Chomhairle dá haire gur paraidím nua í an straitéis lena gcumhdaítear gach réimse ábhartha den bheartas seachtrach, a bhfuil nasc tábhachtach aici le beartais inmheánacha. Ionas gur féidir an straitéis a chur chun feidhme go rathúil, tá gá le cur chuige nuálach, comhtháite, comhordaithe agus fianaise-bhunaithe, bealaí nua éagsúla smaointeoireachta agus oibre, bearnaí eolais a líonadh agus comhleanúnachas a bhaint amach idir gníomhaíochtaí intíre agus idirnáisiúnta an Aontais. Áirítear leis sin, an córas iltaobhach a neartú agus dlús a chur le comhpháirtíochtaí domhanda, réigiúnacha agus déthaobhacha a bheidh cothrom agus a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh, bunaithe ar an dhlúthpháirtíocht, an chomhúinéireacht agus an chomhfhreagracht, ina gcuirfear chun cinn ullmhacht, athléimneacht agus uathriail straitéiseach oscailte, ina nglacfar cur chuige ilearnála, bunaithe ar an tsláinte a chaomhnú, lena gcuimseofar na réimsí beartais agus na hionstraimí ábhartha uile. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil gá leis an maoiniú don tsláinte dhomhanda ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta a fheabhsú i dteannta a chéile, lena n-áirítear trí dheontais agus trí mhaoiniú nuálach, trí thacú le slógadh acmhainní intíre i dtíortha comhpháirtíochta agus trí thrádáil oscailte intuartha a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle an gealltanas 20 % ar a laghad den ODA a chistítear faoi Rialachán NDICI-an Eoraip Dhomhanda a chur leis an gcuimsiú sóisialta agus leis an bhforbairt dhaonna.

PUBLIC

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an Straitéis agus iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit, laistigh dá sainorduithe agus dá n-inniúlachtaí faoi seach, na treoirphrionsabail a chur i bhfeidhm agus na línte gníomhaíochta agus na tionscnaimh a mholtar inti a chur chun feidhme de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh chun an tsláinte dhomhanda a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha ábhartha, lena n-áirítear an tsláinte phoiblí, an aeráid agus an comhshaol, taighde agus nuálaíocht, digiteáil, oideachas, cosaint shóisialta, uisce agus sláintíocht, talmhaíocht agus córais bhia, in aghaidh éilliú, trádáil, comhar um fhorbairt idirnáisiúnta, sásraí um chosaint shibhialta agus cúnamh daonnúil agus ar fud ionstraimí maoinithe buiséid agus institiúidí airgeadais ábhartha uile an Aontais, cur chuige sláinte a chur chun feidhme i ngach beartas agus sineirgí le creataí, tionscnaimh agus beartais ábhartha de chuid an Aontais a chur chun cinn; agus cur chuige claochlaitheach a fheabhsú lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne;

(b) cumas a neartú agus comhordú a fheabhsú, lena n-áirítear trí chomhar neamhfhoirmiúil, chun éifeachtúlacht agus tionchar na dtionscnamh agus na ngníomhaíochtaí a threisiú, chun a áirithiú go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ag labhairt d’aon ghuth i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus chun dlús a chur leis an idirphlé agus leis na comhiarrachtaí cumarsáide ar an leibhéal iltaobhach, réigiúnach agus náisiúnta;

(c) ról réamhghníomhach agus cuiditheach a ghlacadh chun an comhar iltaobhach a neartú trí na bearnaí atá ann cheana sa rialachas domhanda a líonadh agus trí chomhlántacht agus comhleanúnachas gníomhaíochta a áirithiú, agus trí EDS a bheidh níos láidre agus níos éifeachtaí, níos cuntasaí agus á mhaoiniú go hinbhuanaithe, ag tabhairt dá haire ag EDS go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an stádas foirmiúil breathnóra atá á lorg ag an Aontas agus cinneadh a dhéanamh ina leith i struchtúir ábhartha na Comhairle;

PUBLIC

(d) comhpháirtíochtaí déthaobhacha, réigiúnacha, trasréigiúnacha agus domhanda a leathnú i gcomhréir leis na tosaíochtaí a sainaithníodh sa straitéis agus freagairtí saincheaptha tíre agus réigiúnacha a sholáthar trí chur chuige Fhoireann na hEorpa, trí Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí thacú le pobail áitiúla agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfor-rochtain lena n-áirítear idirphlé polaitiúil agus idirphlé maidir le cearta an duine le tíortha comhpháirtíochta;

(e) breithniú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thionchar na straitéise, ag tosú tráth nach déanaí ná 2024.

9. Le linn chur chun feidhme na straitéise, iarrann an Chomhairle go mbeidh na grúpaí a leanas rannpháirteach go leanúnach: an tsochaí shibhialta, an lucht acadúil, an earnáil phríobháideach, BEI agus BEAF agus bainc forbartha agus institiúidí airgeadais Eorpacha eile, córas na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear EDS, agus gníomhaithe ábhartha eile, Gavi, an Chomhghuaillíocht Vacsaíní agus an Ciste Domhanda chun SEIF, Eitinn agus Maláire a chomhrac ionas gur féidir cuspóirí agus tosaíochtaí na Straitéise a bhaint amach.

10. Iarrann an Chomhairle freisin ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar SEGS an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) taidhleoireacht sláinte domhanda chomhleanúnach de chuid an Aontais a fhorbairt, lena gcuirfear leis na hacmhainneachtaí atá ann cheana agus lena mbainfear an úsáid is fearr astu, bunaithe ar chur chuige Fhoireann na hEorpa, i gcomhar leis na Ballstáit;

(b) acmhainneacht na sláinte domhanda a mhéadú i bpríomhthoscaireachtaí an Aontais, lena n-áirítear trí bhreithniú a dhéanamh ar shaineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht;

(c) faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus tionchar na straitéise trí úsáid a bhaint as creat comhtháite agus rannpháirtíochta atá le forbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus ag tógáil ar na huirlisí faireacháin agus meastóireachta atá ann cheana agus ar iarrachtaí treisithe chun sonraí atá imdhealaithe ó thaobh aoise agus inscne de a bhailiú, tuarascálacha ar dhul chun cinn a ullmhú agus cruinnithe bliantúla a thionól chun dul chun cinn a phlé, lena n-áirítear an Fóram um Beartas Sláinte Domhanda.

---